Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/1062

15.12.2023

P9_TA(2023)0134

# Cur chun feidhme Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Bealtaine 2023 maidir leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chur chun feidhme (2022/2038(INI))**

(C/2023/1062)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le beartais chultúir uaillmhianacha a fhorbairt i réimse an chlosamhairc, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 6 agus 167 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) ([1]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar ('An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc') i bhfianaise athruithe ar an margadh ([2]),

— ag féachaint do theachtaireacht an 7 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil chritéar feidhmiúlachta fíor-riachtanaí an tsainmhínithe ar "seirbhís ardáin comhroinnte físeán" den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc' ([3]),

— ag féachaint do theachtaireacht an 7 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'Treoirlínte de bhun Airteagal 13(7) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc chun sciar na saothar Eorpach i gcatalóga ar éileamh a ríomh agus chun lucht féachana íseal agus láimhdeachas íseal a shainiú' ([4]),

— ag féachaint don Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, go háirithe na forálacha inti maidir leis na meáin,

— ag féachaint do Chonclúidí an 4 Aibreán 2022 ón gComhairle maidir le Straitéis Eorpach a thógáil d'Éiceachóras Thionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta ([5]),

— ag féachaint don Mheabhrán Tuisceana idir Comhaltaí an Údaráis Rialála Náisiúnta de Ghrúpa na Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc' (ERGA), an 3 Nollaig 2020,

— ag féachaint do Chód Cleachtais Neartaithe 2022 maidir leis an mBréagaisnéis,

— ag féachaint do theachtaireacht an 3 Nollaig 2020 ón gComhairle dar teideal *Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation* [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú] (COM(2020)0784),

— ag féachaint do staidéar mhí na Samhna 2022 ón Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe dá hArd-Stiúirthóireacht um Beartais Inmheánacha dar teideal *'Implementation of the revised Audiovisual Media Services Directive – Background Analysis of the main aspects of the 2018 AVMSD revision'* [Cur chun feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc – Anailís chúlra ar phríomhghnéithe athbhreithniú AVMSD, 2018],

---

([1]) IO L 95, 15.4.2010, lch. 1.
([2]) IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.
([3]) IO C 223, 7.7.2020, lch. 3.
([4]) IO C 223, 7.7.2020, lch. 10.
([5]) IO C 160, 13.4.2022, lch. 13.

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A9-0139/2023),

A. de bhrí gur cheart go mbeadh príomhról á imirt ag an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) maidir le héiceachóras closamhairc na hEorpa a struchtúrú, agus prionsabail an éagsúlacht chultúrtha agus teangacha agus iolrachas smaointe a chosaint agus dáileadh agus táirgeadh seirbhísí meán closamhairc Eorpacha a chur chun cinn san Aontas Eorpach mar threoir aige;

B. de bhrí gur thug an t-athbhreithniú is déanaí ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD), a glacadh an 28 Samhain 2018, creat chun 'an tír tionscnaimh', mar phrionsabal, a neartú agus cosaint tomhaltóirí a fheabhsú sa saol ar líne, go háirithe mionaoisigh agus daoine faoi mhíchumas;

C. de bhrí go gcumhdaítear prionsabal na tíre tionscnaimh i ndlí AE, go sonrach in Airteagal 2(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, agus gur cruthaíodh gur colún tábhachtach a bhí ann chun faisnéis a scaipeadh go saor agus gan bac agus chun seirbhísí meán closamhairc a chur ar fáil ar bhonn trasteorann trí chinnteacht dhlíthiúil a sholáthar; de bhrí gur bonn tábhachtach é chun soláthraithe seirbhíse na meán closamhairc a chosaint agus go gcumasaítear infheistíochtaí i léirithe nuálacha agus cruthaitheacha leis mar aon le feabhsuithe i gcás inaimsitheacht saothar closamhairc ón Eoraip;

D. de bhrí gurb é ról AVMSD tacaíocht a thabhairt do shaothair chultúir agus don éagsúlacht chultúrtha san Eoraip agus a leas a dhéanamh in earnáil closamhairc atá ag athrú go mór i gcomhréir le rialacha eile, amhail an fhoráil maidir le cóipcheart in Treoir (AE) 2019/790 [6], ina n-iarrtar go n-íocfar luach saothair cóir le sealbhóirí na gceart;

E. de bhrí nach bhfuil sé indéanta do na Ballstáit ina n-aonar limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú do sheirbhísí meán closamhairc, ar limistéar é lena dtabharfar ardleibhéal cosanta do chuspóirí leasa ghinearálta freisin, agus gur fearr is féidir an méid sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais dá bhrí sin;

F. de bhrí de bharr forálacha dlíthiúla cothrománacha nua ar leibhéal an Aontais nach mór soiléiriú comhsheasmhach agus comhleanúnach a dhéanamh ar na hidirnaisc eatarthu faoin gcreat dlíthiúil sonrach do sholáthraithe seirbhíse na meán closamhairc;

G. de bhrí gur tháinig méadú suntasach ar an bhféidearthacht coinbhleachta le déanaí agus, dá réir sin, ar an ngá le comhsheasmhacht agus comhleanúnachas ag éirí as reachtaíocht ar leibhéal AE sa 'deacáid dhigiteach' a achtaíodh nó a moladh, eadhon, an Ionstraim um Seirbhísí Digiteacha [7] ina dtugtar aghaidh ar imreoirí/ghníomhaithe i slabhra dáilte agus luacha an ábhair closamhairc agus a bhfuil naisc dhíreacha aici leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc; de bhrí gurb ann do naisc níos soiléire sna tograí le haghaidh gníomh Eorpach um shaoirse na meán agus le haghaidh rialachán maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil, ina dtabharfar aghaidh go díreach ar shaincheisteanna atá ábhartha d'earnáil na meán closamhairc;

H. de bhrí gur cheart faisnéis maidir le húinéireacht sholáthraithe seirbhíse na meán agus sholáthraithe na n-ardán comhroinnte físeán a bheith ar fáil go héasca, go cuimsitheach agus go poiblí, ós rud é go bhfuil ríthábhacht léi chun nach ndéanfar na meáin a chomhdhlúthú tuilleadh;

I. de bhrí gur féidir cion fiúntach a dhéanamh sa chomhrac domhanda i gcoinne na bréagaisnéise agus na bréagnuachta trí spreagadh dearfach a thabhairt do sheirbhísí gairmiúla meán closamhairc ón Aontas agus iad a chur chun cinn; de bhrí go rannchuidíonn an méid sin leis an gceart chun faisnéise a chur chun feidhme go héifeachtach agus le dioscúrsa poiblí bunaithe ar an iliomad tuairimí a chur chun cinn;

J. de bhrí go bhfuil líon mór ardán ar líne ann nach dtugann rochtain ar shonraí lucht féachana i gcás saothair arna ndáileadh ag soláthraithe seirbhíse na meán; de bhrí, mar sin féin, gur uirlis riachtanach iad sonraí chun beartais a choigeartú agus tacaíocht a thabhairt don chruthú ábhair;

---

[6] Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

[7] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), IO L 277, 27.10.2022, lch. 1.

K. de bhrí go bhfuil údaráis rialála náisiúnta agus réigiúnacha atá neamhspleách agus neamhchlaon ina réamhriachtanas do shaoirse na meán agus don iolrachas, ós rud é go gcosnaíonn siad na meáin ar chur isteach polaitiúil agus tráchtála míchuí trí sheirbhísí meáin neamhspleácha agus cuntasacha a oibríonn go trédhearcach a choimirciú;

L. de bhrí, faoi AVMSD athbhreithnithe, go dtugann ERGA le chéile ionadaithe ó chomhlachtaí rialála neamhspleácha náisiúnta i réimse na seirbhísí closamhairc chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme comhsheasmhach AVMSD agus chun dea-chleachtais a mhalartú;

M. de bhrí go bhfuil baol ann i mbreis is leath na mBallstát Aontais nach bhfuil na nósanna imeachta um cheapachán i gcás ceannairí údaráis rialála na meán sách éifeachtach chun an riosca tionchair pholaitiúil agus/nó eacnamaíoch a theorannú ([8]);

N. de bhrí go bhfuil líon mór de na fiontair atá gníomhach i meáin chlosamhairc AE ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad freisin, a mbíonn coimircí speisialta de dhíth orthu chun raon seirbhísí ilchineálacha a thairiscint do lucht féachana Eorpach;

O. de bhrí, i bhfianaise uileláithreacht na seirbhísí meán digiteach agus iomadú na bhfoinsí faisnéise ar an idirlíon, gur inniúlacht bhunúsach fhíor-riachtanach é sealbhú litearthacht na meán ag leanaí agus daoine óga, agus ag daoine fásta, agus nach mór cumas athmhachnaimh chriticiúil maidir le patrúin úsáide meán a áireamh ann, sa bhreis ar thuiscint fheidhmiúil;

P. de bhrí go gceanglaíonn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas le dlí ar an Aontas agus ar a Bhallstáit uile na cearta seo a leanas a áirithiú: ceart ar inrochtaineacht (Airteagal 9 de), saoirse tuairimí a nochtadh, saoirse tuairime, agus rochtain ar fhaisnéis (Airteagal 21 de) agus rannpháirtíocht sa saol cultúrtha (Airteagal 30 de);

Q. de bhrí go mbaintear ó éifeachtacht AVSMD mar thoradh ar mhoill shuntasach na mBallstát ar thrasuí na Treorach;

1. á chur in iúl go gcáineann sí easpa tola roinnt Ballstát an Treoir a thrasuí go tráthúil agus an drogall ginearálta ar an gCoimisiún nósanna imeachtaí um shárú a thionscnamh agus a dhéanaí a d'fhoilsigh sé na treoirlínte; á iarraidh ar na Ballstáit an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille;

2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil meastóireacht iomlán indéanta faoi lathair, mar gheall ar an moill leis an trasuí;

3. á mheabhrú gur leagadh d'oibleagáid ar an gCoimisiún, sa dara habairt d'Airteagal 33 den Treoir, tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach a chur isteach tráth nach déanaí ná an 19 Nollaig 2022, agus á mheabhrú do na Ballstáit go bhfuil sé d'oibleagáid orthu faoi Airteagal 7(2) den Treoir tuairisciú don Choimisiún faoin dul chun cinn ó thaobh inrochtaineachta de faoin dáta céanna; á mheabhrú freisin, go raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún tuairisciú ar chur i bhfeidhm Airteagal 13(1) agus (2) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ar bhonn faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit faoin 19 Nollaig 2021 agus ar bhonn staidéar neamhspleách, agus forbairtí margaidh agus teicneolaíocha agus cuspóir na héagsúlachta cultúrtha á gcur san áireamh; á chur in iúl gurb oth léi nach ndearnadh an tuarascáil ar chur i bhfeidhm AVMSD don tréimhse 2014-2019 a scaipeadh go forleathan; ag tabhairt dá haire go soláthraíonn an tuarascáil seo faisnéis thábhachtach chun críocha cur chun feidhme AVMSD athbhreithnithe a thagarmharcáil;

4. á chur in iúl go n-aithníonn sí, maidir leis an sainmhíniú ar 'saothair Eorpacha', gur tuiscint oscailte agus leathan í ar an gcoincheap de 'saothair chlosamhairc Eorpacha', a leagadh síos i gCoinbhinisiún Eorpach na Comhairle Eorpaí um Theilifís Trasteorann an 5 Bealtaine 1989; á mheabhrú go bhfuil an sainmhíniú ar shaothair Eorpacha gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfadh na Ballstáit sainmhíniú níos mionsonraithe a leagan síos a mhéid a bhaineann le soláthraithe seirbhíse na meán faoina ndlínse; á dhearbhú gur cheart go bhfóinfeadh an sainmhíniú ar shaothair Eorpacha, i measc nithe eile, do shaothair a táirgeadh san Aontas Eorpach a chur chun cinn ar bhealach a dhéanfadh leas éiceachóras cruthaitheach na hEorpa; á mheabhrú, ina leith sin, go bhfuil beartaithe ag an gCoimisiún, de réir phlean gníomhaíochta na meán agus an chlosamhairc, tuar Eorpach ar na meáin a fhoilsiú chun staidéar a dhéanamh ar na mórthreochtaí sna meáin agus anailís a dhéanamh ar a dtionchar féideartha ar mhargaí meán agus samhlacha gnó; á chur in iúl gurb oth léi nárbh fhéidir an tuarascáil sin a fhoilsiú in am trátha; á iarraidh ar an gCoimisiún an sainmhíniú ar shaothair Eorpacha a mheas go heisiach ar bhonn cinntí eolaíocha a fuarthas i gcomhar le ERGA agus leis an bhFaireachlann Eorpach Closamhairc go heisiach agus sonraí an tuair Eorpaigh ar na meáin a bhaineann go díreach le cur i bhfeidhm reatha an téarma 'saothair Eorpacha' á gcur san áireamh go cuí;

([8]) Sonraí arna gcur ar fáil ag an Lárionad um Iolrachas agus um Shaoirse na Meán, mí na Nollag 2022.

5. ag iarraidh ar an gCoimisiún na bearta riachtanacha a dhéanamh gan mhoill chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus chun cosc a chur ar aon mhí-úsáid ceart i gcur i bhfeidhm Airteagal 2(4) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc;

6. á mheas maidir le haon mhaolú a bhaineann le prionsabal na tíre tionscnaimh agus le tabhairt isteach aon bhacainní agus srianta nua ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, a bunaiodh faoi Airteagail 56-62 CFAE, nach mór é a mheasúnú i gcoinne coimircí na comhréireachta, na solúbthachta, na hintuarthachta agus an neamh-idirdhealaithe;

7. ag iarraidh ar an gCoimisiún na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagail 3 agus 4 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a athbhreithniú féachaint an bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm níos tapúla agus níos éifeachtaí, chun go ndéanfar prionsabal na tíre tionscnaimh a neartú, agus cearta na bpáirtithe leasmhara uile a urramú freisin;

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil na leibhéil dhifriúla den neart rialála atá ann i gcás seirbhísí na meán closamhairc i dtimpeallachtaí difriúla ina gcúis le neamhchothrom iomaíochta i gcónaí ag brath ar an gcraoladh a dhéantar – trí chraoltóireacht Teilifíse, ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán nó ar sheirbhísí eile ardáin ar líne; á chur in iúl gurb eol di freisin gurb é ceann de na cúiseanna, go bhfuil an reachtaíocht nasctha le cé acu atá freagracht eagarthóireachta ar an soláthraí as an tseirbhís nó nach bhfuil; ag moladh iarracht níos mó a dhéanamh chun ardleibhéal cosanta a lorg: cosaint do thomhaltóirí, cosaint ar ábhar díobhálach nó cosaint do mhionaoisigh ar fud na gcineálacha meán uile nó na gcainéal craoltóireachta uile faoi chuimsiú na bhféidearthachtaí arna soláthar ag an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc;

9. á chur i bhfáth gur leathnaíodh raon feidhme AVMSD chun oibleagáidí áirithe a fhorchur ar sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán faoi Airteagal 28b, amhail an ceanglas bearta iomchuí a dhéanamh chun mionaoisigh a chosaint ar ábhar díobhálach agus na húsáideoirí uile a chosaint ar ábhar ina bhfuil gríosú chun foréigin nó fuatha; á thabhairt chun suntais nach mór a áirithiú go ndéanfar na forálacha sin a chur chun feidhme go cuí;

10. á mheabhrú, de réir theachtaireacht 2020 ón gCoimisiún i dtaobh treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil chritéar feidhmiúlachta fíor-riachtanaí an tsainmhínithe ar 'seirbhís ardáin comhroinnte físeán' faoin Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, go soláthraíonn seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ábhar closamhairc a bhfuil rochtain an phobail i gcoitinne air ag dul i méid i gcónaí, agus gur fíor é sin freisin i gcás seirbhísí meán sóisialta, ar meán tábhachtach iad anois chun faisnéis a chomhroinnt; á mheabhrú freisin, óna bhfuil sna treoirlínte sin, go bhféadfadh sé go dtiocfadh seirbhísí áirithe meán sóisialta faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na rialacha nua maidir le hardáin comhroinnte físeán sa chás go gcomhlíonann siad critéir áirithe;

11. á mheabhrú di príomhfhorálacha na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc maidir le mionaoisigh a chosaint, go háirithe go bhfuil cosc ar shonraí mionaoiseach a phróiseáil ar mhaithe le cumarsáid tráchtála; á mheas nach mór bearta comhair trasteorann a neartú, go háirithe bearta chun mionaosiigh a chosaint, trí chumas na n-údarás rialála náisiúnta agus na n-údarás inniúil eile a fheabhsú chun go bhféadfaidh siad déileáil go héifeachtach le sáruithe sainaitheanta, agus sa tslí sin a áirithiú go ndéantar gníomhaíocht thapa agus éifeachtach, agus comhordú a spreagadh freisin idir geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha maidir le gníomhaíochtaí coisctheacha; á chur i bhfios arís eile go dtairgtear deiseanna le hAirteagal 4a den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus á athdhearbhú go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag cóid iompair i ndáil leis sin, ag cur san áireamh a thapa is a fhorbraítear teicnící margaíochta;

12. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú nuair a dhéantar an Treoir a thrasuí go mbeidh sí soiléir agus furasta a thuiscint, do na húsáideoirí deiridh go háirithe, i gcás cosaint mionaoiseach ar ábhar díobhálach, cosaint an phobail i gcoitinne ar ábhar neamhdhleathach áirithe agus srianta fógraíochta na Treorach ar ceist ábhair iad, má tá feidhm acu sa mheán reatha atá in úsáid, go háirithe ar líne;

13. á mheas nach mór an reachtaíocht chothrománach is infheidhme do sheirbhísí meán closamhairc, amhail an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha nó caighdeáin chothrománacha chomhrialála agus féinrialála, amhail Cód Cleachtais neartaithe 2022 maidir le Bréagaisnéis, a léirmhíniú i gcónaí ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí na Treorach; á chur i bhfáth nach mór na héagothromaíochtaí rialála atá ann idir tairiscintí closamhairc ó sholáthraithe difriúla a íoslaghdú, tríd an gcomhsheasmhacht dhlíthiúil idir reachtaíocht earnála agus reachtaíocht chothrománach a neartú; á mheas go soláthrófaí cinnteacht dhlíthiúil sa tslí sin maidir le dlíthe Eorpacha éagsúla trí léirmhíniú soiléir a d'fhágfadh go mbeadh an dlí earnála i réim agus a bheadh comhsheasmhach i gcónaí le cuspóirí agus luachanna na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, amhail maoirseacht neamhspleách agus cosaint d'ábhar eagarthóireachta, urraim do dhínit an duine, cosaint mionaoiseach, slándáil agus sábháilteacht an phobail, agus dioscúrsa daonlathach iolraíoch agus dea-fheidhmiúil, chun go mbeadh ardchaighdeáin á gcur chun feidhme;

14. á chur i bhfáth a úsáidí atá bunachar sonraí MAVISE ([9]), atá á bhainistiú ag an bhFaireachlann Eorpach Closamhairc, a sholáthraíonn faisnéis faoi sheirbhísí meán closamhairc, ardáin comhroinnte físeán agus a ndlínsí san Eoraip; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí breise chun cur le réise an bhunachair sonraí agus a úsáid ag úsáideoirí uile ar spéis leo é a éascú; á iarraidh go ndéanfar Airteagal 5(2) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a fhoirmliú mar oibleagáid Bhallstáit in aon athbhreithniú a dhéanfar ar an Treoir amach anseo;

15. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn na dtuarascálacha ó na Ballstáit, i gcomhar le ERGA agus in idirphlé le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, obair a dhéanamh ar spriocanna comhpháirteacha cáilíochtúla agus cainníochtúla, chun forbairt bhreise ar sheirbhísí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach san Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta ([10]) i gcás earraí agus seirbhísí, agus inrochtaineacht na seirbhísí i gcoitinne a fheabhsú; á chreidiúint i gcás spriocanna chomh huaillmhianach sin a mbeidh sprioc-amanna soiléire cur chun feidhme acu a bhunaítear ar staid iarbhír na hinrochtaineachta i ngach Ballstát, agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí á gcur san áireamh, gur cheart go gcuimseofaí céatadán den ábhar closamhairc inrochtana iontu a bhaineann le cineálacha sonracha seirbhísí rochtana; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór aon tuairisciú ar fheabhsuithe ar sheirbhísí inrochtana a bheith ar fáil go poiblí, agus nuair a dhéantar measúnú ar an gcur chun feidhme atá déanta ag na Ballstáit i leith a n-oibleagáidí faoi AVMSD, gur cheart go bhfíoródh an Coimisiún nach bhfuil Airteagal 7 de á chealú ag a dtuiscintí ar 'bearta comhréireacha';

16. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an inrochtaineacht a éascú (le dubáil, fotheidil, cur síos labhartha nó eile) i dteangacha uile na críche ina soláthraítear an tseirbhís meán closamhairc; á mheabhrú gur bunriachtanas é pointe teagmhála inrochtana ar líne a bheidh ar fáil go poiblí a ainmniú i ngach Ballstát gan mhoill mhíchuí;

17. á iarraidh go ndéanfar níos mó chun saothair Eorpacha ar léiriú iad ar raon iomlán ilchineálacht theangeolaíoch na hEorpa a scaipeadh, agus go mbeidh teangacha oifigiúla agus teangacha réigiúnacha agus mionlaigh araon á gcur san áireamh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim ar an ábhar sin nach mór sonraí a bhailiú maidir le scaipeadh teangeolaíoch seirbhísí na meán closamhairc, lena n-áirítear faisnéis maidir le hilchineálacht theangeolaíoch i gcás dubáil, fotheidealú nó cur síos labhartha á cur ar fáil taobh leo, chun gur féidir gníomhú ar bhealach níos spriocdhíeithe;

18. ag tabhairt dá haire a úsáidí a bheadh sé leas a bhaint as an intleacht shaorga chun cur le hinrochtaineacht seirbhísí closamhairc agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit é sin a chur chunn cinn ar bhealach straitéiseach agus spriocdhírithe;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún iarratas a dhéanamh ar chaighdeáin Eorpacha le haghaidh seirbhísí rochtana, lena n-áirítear íocóin, a urramaíonn na cleachtais reatha ach a bhféadfaí a bheith á n-úsáid ag tíortha a bhfuil treoraíocht ardcháilíochta in easnamh orthu;

20. ag moladh go ndéanfaidh an lárionad AccessibleEU atá beartaithe amach anseo fóram a chruthú le haghaidh na ngeallsealbhóirí uile a ndéanfaidh an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta agus an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc difear dóibh chun go bhféadfar cleachtais a mhalartú agus réimsí comhair a aimsiú chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na meán san Aontas Eorpach;

21. ag iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh chun inrochtaineacht na meán idir na Ballstáit a thomhas agus a thagairmharcáil;

22. ag tabhairt dá haire gur thionscain na comhreachtóirí míreanna tábhachtacha nua sa Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, go háirithe foráil a thugann aitheantas do chumas na mBallstát bearta a ghlacadh lena ndéanfar tosaíocht seirbhísí meán closamhairc a ngabhann leas coiteann leo a chur chun cinn (Airteagal 7a) agus foráil lena gcosnaítear sláine na seirbhísí meán closamhairc (Airteagal 7b); á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé cur chun feidhme iomchuí na bhforálacha sin a áirithiú, ag cur san áireamh go mbíonn príomhról ag monaróirí gaireas agus soláthraithe comhéadan úsáideora chun a chur ar chumas daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí meán closamhairc ar líne agus iad a fhionnadh agus a aimsiú;

23. á mheas freisin go bhféadfaí na bearta in Airteagal 7a a neartú tuilleadh agus á mholadh do na Ballstáit úsáid níos mó a bhaint as na deiseanna a d'fhéadfadh teacht as cur chun cinn iomchuí seirbhísí meán closamhairc a ngabhann leas coiteann leo, agus na deiseanna sin a shaothrú; ag moladh, thairis sin, go gcuideoidh ERGA chun treoirlínte a ullmhú le haghaidh cur chuige comhchuibhithe Eorpach i ndáil leis sin, bunaithe ar anailís ar na dea-chleachtais; á chreidiúint go bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh i dtreo oibleagáid tosaíochta i gcás seirbhísí meán closamhairc a ngabhann leas coiteann leo, ar choinníoll go ndéanfaí scóip agus tuiscint ábhar an leasa choitinn a chomhchuibhiú agus nach rachadh sé i gcoinne rialacha AE, agus córais atá ann faoi láthair i ndáil leis sin agus a bhforbairt amach anseo á gcur san áireamh go cuí;

([9]) An Fhaireachlann Eorpach Closamhairc, 'MAVISE – Database on audiovisual services and their jurisdiction in Europe', arna rochtain 3 Aibreán 2023.

([10]) Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

24. á chur i bhfios, sa chomhthéacs sin, nach ndéantar seirbhísí nó ábhar a ngabhann leasa coiteann leis a theorannú do na meáin phoiblí d'aon turas, ach go n-áirítear leo freisin seirbhísí nó ábhar arna sholáthar ag soláthraithe seirbhíse na meán tráchtála atá dírithe ar riachtanais shóisialta, dhaonlathacha agus chultúrtha a chomhlíonadh, ós rud é go bhféadfaidís a bheith ionadaíoch ar raon níos leithne dearcthaí ar an speictream polaitiúil;

25. ag spreagadh na mBallstát chun rialacha cuimsitheacha agus éifeachtacha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7b den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc chun sláine comharthaí a chosaint ar na hardáin ar líne agus na comhéadain úsáideoirí ábhartha uile a úsáidtear chun rochtain a fháil ar sheirbhísí meán closamhairc;

26. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cnaipí uimhreach ar chianrialtáin d'infheictheacht agus d'inaimsitheacht seirbhísí na meán closamhairc a ngabhann leas coiteann leo; ag tabhairt dá haire gur bhain monaróirí áirithe na cnaipí sin dá gcianrialtáin, rud a chuireann na córais thraidisiúnta uimhrithe cainéal i mbaol;

27. á mheas go bhfóintear do chuspóirí na Treorach trí bhearta a bheith á nglacadh ag na Ballstáit chun tosaíocht seirbhísí meán closamhairc a ngabhann leas coiteann leo a áirithiú, chomh maith le tosaíocht na saothar Eorpach, *vis-à-vis* comhéadain úsáideoirí agus seirbhísí ardáin ábhartha a thairgeann a gcuid seirbhísí d'úsáideoirí i gcríoch an Bhallstáit sin cé nach bhfuil siad féin bunaithe ann; á mheabhrú gur den tábhacht na bearta sin a bheith bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus oibiachtúla; á chur i bhfáth go bhfuil lánchead ag na Ballstáit cineálacha eile meáin, amhail raidió, seirbhísí fuaime ar líne nó an preas a chuimsiú agus an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc á trasuí acu ina ndlí náisiúnta;

28. á mheas nach mór aghaidh a thabhairt ar úsáid na hintleachta saorga i ndáil le seirbhísí meán closamhairc chun saoirse tuairimí a nochtadh a choimirciú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear saoirse tuairimí agus faisnéis agus smaointe a fháil agus a thabhairt;

29. á mheas gurb iomchuí ceanglais na gcuótaí Eorpacha a choinneáil mar íoscheanglais ar an leibhéal atá acu faoi láthair a fhad is nach moltar a mhalairt ón bhfianaise; ag cur béim ar a thábhachtaí atá na forálacha maidir le saothair Eorpacha a chur chun cinn agus a dháileadh, chomh maith le huirlisí inaimsitheachta arna soláthar ag ERGA do na Ballstáit agus a dtionchar díreach ar éiceachórais chlosamhairc áitiúla chruthaithe agus ghnó; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ERGA malartú na ndea-chleachtas a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le leas a bhaint as uirlisí inaimsitheachta den chineál sin chun tograí a chur i láthair san fhadtéarma le haghaidh bearta sonracha a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit uile; á mheabhrú do na Ballstáit go bhféadfaidh siad dul thar cheanglais chuótaí AE ar an leibhéal náisiúnta;

30. á thabhairt chun suntais gur ceapadh tionscnamh cheanglais chuótaí AE chun éiceachóras cruthaitheach AE a chur chun cinn trí bhreis saothar Eorpach a chur i láthair lucht féachana Eorpach agus trí dheiseanna breise a thairiscint chun go n-aimseodh saothair Eorpacha lucht féachana ar fud an Aontais; á mheas gur den riachtanas maoirseacht rialta ar chur chun feidhme na gceanglas cuótaí Eorpach, lena n-áirítear na cineálacha saothar closamhairc a chumhdaítear agus meastóireachtaí ar an líon a theastódh le haghaidh cuóta na seirbhísí ar éileamh;

31. á thabhairt chun suntais san athbhreithniú is déanaí den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, gur tugadh isteach sásra maolúcháin i gcás phrionsabal na tíre tionscnaimh, go háirithe faoi Airteagal 1392) de, chun cothromaíocht níos fearr a bhunú maidir le rialacha a chuirtear i bhfeidhm ar na himreoirí éagsúla a sholathraíonn an tseirbhís chéanna, agus a áirithiú go mbeidh éagsúlacht chultúrtha ann agus iomaíocht chóir idir na himreoirí uile a dhíríonn ar mhargadh náisiúnta, agus éiceachóras cruthaitheach Eorpacha a bheidh láidir agus éagsúil a chothabháil sna tíortha sin; ag tabhairt dá haire go bhfuil an sásra in úsáid ag 14 de na Ballstáit, mar shampla, chun rannchuidiú le cistí náisiúnta agus infheistíochtaí a threorú;

32. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil easpa sonraí comparáideacha ann agus ag tabhairt dá haire go bhfuil ráite ag imreoirí ariithe sa mhargadh go mbeidh an soláthar sin ina chroíghné de na cuspóirí earnáil closamhairc na hEorpa a chur chun cinn agus a éagsúlú agus go spreagfar éagsúlacht chultúrtha, agus, ag an am céanna go bhfuil ráite ag imreoirí eile sa mhargadh go mbeidh drochthionchar ag na maoluithe sin ar an margadh aonair agus go bhféadfaí costais bhreise a chruthú;

33. á thabhairt chun suntais gur cheart go gcumhdódh an mheastóireacht sin cur chun cinn saothar Eorpach i dtírdhreach meáin ilroinnte ina gcuimsítear soláthtaithe ebaga agus móra, Eorpacha agus neamh-Eorpacha i rannóg a bhaineann le forbairtí reatha cultúrtha teicniúla agus tráchtála ábhartha agus gur cheart tograí a chur ar aghaidh le haghaidh bearta sonracha chun fadhbanna sainaitheanta a réiteach;

34. ag tabhairt dá haire, maidir le ríomh na gcuótaí le haghaidh craoltóirí teilifíse in Airteagal 16 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, cé go bhfágtar as an áireamh nuacht, ócáidí spóirt, sluiichí, fógraíocht, seirbhísí teilitéacs agus teili-siopadóireacht, nach bhfágtar seirbhísí closamháirc ar éileamh as an áireamh; ag iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na cineálacha clár atá a dtairiscint ag seirbhísí closamhairc ar éileamh a áirítear i sciar na saothar Eorpach atá i láthair sna catalóga agus a dtugtar tosaíocht dóibh chun a áirithiú go mbainfidh fócas an chuóta torthaí a bheidh cosúil le hAirteagal 16;

35. ag spreagadh staidéar cuimsitheach a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh féachaint an mbeadh breisluach agus tionchar íoscheanglais choitianta uile-Aontais ar an éiceachóras cruthaitheach Eorpach le haghaidh scéimeanna dreasachtaí infheistíochta indéanta, mar behalach chun forálacha na n-oibleagáidí airgeadais sa Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chomhlánú, a gus an dea-chleachtais san Aontas agus ar fud an domhain á gcur san áireamh agus fócas a chuimsiú ann maidir le comhtháthú éifeachtaí sóisialta nó cultúrtha atá inmhianaithe i dtéarmaí beartais meán, amhail forbairt tallainne, oibleagáidí sóisialta, cuimsitheacht, éagsúlacht, comhionannas inscne agus glasú;

36. á mheas maidir le séasúr sraithe a chomhionannú le teideal amháin, mar a leagtar síos sna treoirlínte de bhun Airteagal 13(7) den Treoir maidir le sciar na saothar Eorpach i gcatalóga ar éileamh a ríomh, gur cheart é a mheasúnú in am trátha, agus an éifeacht ar shaothair chineamatagrafacha agus sraitheanna teilifíse a bhainfeadh leis agus an cuspóir tairiscint chultúrtha éagsúil a chur ar fáil do lucht féachana Eorpacha; á chreidiúint, ina theannta sin, cur cheart na téarmaí 'láimhdeachas íseal' agus 'soláthraithe lucht féachana íseal' a mheasúnú féachaint an bhfuil siad sách soiléir agus an bhféadfar a bhfeidhmiú a chomhchuibhiú go leordhóthanach;

37. á chur in iúl go dtuigtear di, a mhéid a bhaineann le craoladh ócáidí mórthábhachta agus cumas an phobail i gcoitinne iad a bhreathnú, go bhfuil rialacha díréireacha glactha ag roinnt de na Ballstáit, agus Airteagal 14 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc á chur chun feidhme acu, maidir le líon na n-ócáidí a chumhdaítear, caibidlíocht le tairgeoirí cáilithe, critéir cáilitheacha agus a n-oiriúnacht ar an iomlán don tírdhreach iomaíoch reatha, mar shampla *vis-à-vis* infhaighteacht ócáidí ar líne; ag iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialacha chun a áirithiú go mbeidh ócáidí mórthábhachta inrochtaana ag oiread daoine agus is féidir le craoltóireachtaí teilifíse saor go haer;

38. á chur i bhfios maidir le bailiú sonraí a bhaineann leis na seirbhísí meáin closamháirc a bhfuil fáil orthu ar líne, go dtugann sé buntáiste iomaíoch do na hardáin sin;

39. á chur in iúl gur geal léi nach mór do gheatóirí, faoin Ionstraim um Margaí Digiteacha ([11]), cuid de na sonraí a ghineann siad a chomhroinnt agus go dtoirmeasctar ar gheatóirí fabhar a léiriú lena n-ábhar féin i gcomparáid le hábhar ó thríú páirtithe; á chreidiúint go mb'fhéidir nach leor é chun iomaíocht chóir agus tírdhreach meán closamhairc ilchineálach a áirithiú; ag iarraidh ar an gCoimisiún bearta iomchuí a mheasúnú chun an neamhchothromaíochtaí margaidh sin a sheachaint, chun a áirithiú go mbeidh soláthraithe seirbhíse na meán closamhairc in ann rochtain a fháil ar na sonraí uile a bhaineann le húsáid a seirbhísí;

40. ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, nach mór na sonraí riachtanacha a bheith inrochtana ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta ar a laghad, chun go mbeidh ar a gcumas a chinneadh ar baineadh amach an tosaíocht iomchuí maidir le seirbhísí meán closamhairc a ngabhann leas coiteann leo nó arb í tosaíocht na saothar Eorpach sna catalóga de sheirbhísí meán closamhairc ar éileamh a baineadh amach;

41. á iarraidh go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainneacht na comhrialála agus na féinrialála agus go ndéanfar meastóireacht rialta ar a dtionchar faoi seach ar sholáthraithe seirbhíse na meán closamhairc chun an caighdeán agus an tionchar is fearr is féidir a sholáthar;

42. ag iarraidh ar an gCoimisiún iniúchadh thairis sin a dhéanamh ar na roghanna, atá ag dul i méid go tapa, le haghaidh seirbhísí meán closamhairc arna dtáirgeadh ag tionchairí ar líne, agus fócas ar chosaint na hóige agus na dtomhaltóirí, agus an deighilt shoiléir agus inaitheanta idir fógraíocht agus ábhar dílis a fhorfheidhmiú go huile; á aithint go bhfuil an mhainneachtain cumarsáid tráchtála a shainaithint ag iompú ina fadhb atá ag dul i méid i dtéarmaí iomaíochais, agus go bhfuil tionchar diúltach aici ar chosaint na mionaoiseach agus na dtomhaltóirí;

43. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú a mhéid is feidir go mbeidh céannacht sholáthraí seirbhíse na meán closamhairc inaitheanta go soiléir ag úsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí ar líne, trí bhíthin lógó nó brandáil de chineál eile;

44. ag tathant ar na Ballstáit a n-oibleagáid faoi Airteagal 30(4) den Treoir a chomhlíonadh maidir le hacmhainní airgeadais agus daonna na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, i bhfianaise na cúraimí atá orthu agus atá ag éirí níos casta, agus an comhar trasteorann a chur chun cinn; á áitiú nach mór an neamhspleáchas a cheanglaítear faoin Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a choimirciú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé meáin agus uirlisí éifeachtacha a sholáthar do ERGA chun go ndéanfaidh sé faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, mar aon le smachtbhannaí i gcás neamhchomhlíonadh; á iarraidh go dtabharfar breis neamhspleáchais do ERGA trí rúnaíocht a bhunú dó a bheidh neamhspleách ar an gCoimisiún, i measc nithe eile;

---

([11]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteach), (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).

45. á áitiú, gan beann ar an reachtaíocht amach anseo, go n-áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus a chuspóirí sna Ballstáit a chur chun feidhme go comhsheasmhach agus go cumsitheach, agus go dtabharfar aird ar leith ar Airteagal 30 den Treoir, lena gceanglaítear maoirseacht leanúnach, chúramach ar chaoi ar bith mar aon le freagairtí tráthúla i gcás forbairtí neamh-inmhianaithe; á éileamh go ngníomhóidh an Coimisiún go tapa i gcás inar cosúil go bhfeidhmeoidh aon údarás nó comhlacht rialála náisiúnta a chumhachtaí ar bhealach a bheadh neamh-chomhoiriúnach le cuspóirí agus luachanna AE, go háirithe i gcás sáruithe braite ar na cearta agus na saoirsí a chumhdaítear i gCairt AE um Chearta Bunúsacha;

46. ag tathant ar an gCoimisiún na treoirlínte a cheanglaítear le hAirteagal 33a(3) den AVMSD maidir le raon feidhme na dtuarascálacha ó na Ballstáit ar chur chun feidhme beart maidir le forbairt scileanna litearthachta sna meáin a eisiúint in am trátha, ionas nach gcuirfear moill bhreise ar thíolacadh tráthúil na dtuarascálacha sin; á athdhearbhú go bhfuil sé de cheart ag faighteoirí na seirbhísí meáin laistigh den Aontas Eorpach faisnéis a fháil agus a thabhairt de bhun Airteagal 11 de Chairt AE um Chearta Bunúsacha, agus á mheabhrú nach féidir an ceart sin agus cumas an uile dhuine seirbhísí meáin saora agus iolraíocha a theachtadh san Aontas Eorpach gan oideachas leodhóthanach i scileanna litearthachta na meán a bheith acu, rud ar tugadh aghaidh go sonrach air sa Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc; ag cur béim ar an bhfíoras nach oiliúint ar uirlisí agus teicneolaíochtaí an teorainn is ceart a bheith leis an litearthacht sna meáin, ach gur cheart di na saoránaigh a chumasú leis na scileanna smaointeoireachta criticiúla atá ag teastáil chun breithiúnas a thabhairt, anailís a dhéanamh ar réaltachtaí casta agus an difríocht idir tuairimí agus fíricí a aithint;

47. ag tabhairt dá haire gur minic a chuirtear leis na dúshláin ar an gceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt agus ar an gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí meáin saora agus iolraíocha mar thoradh ar phríomhacht roinnt de na hardáin ar líne; á mholadh ar an ábhar sin go dtabharfar aird chuí ar thobhaigh a chruthú ar na hardáin sin óna bhféadfaí cistiú a ghiniúint chun tionscnaimh a bhaineann leis an litearthacht sna meáin a bhunú agus a neartú ar fud na mBallstát;

48. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;